Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2016**
**(OR. en)**

**8836/16**

**ECOFIN 390**
**UEM 155**
**SOC 251**
**EMPL 153**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/an Chomhairle |
| Ábhar: | Domhain-athbhreithnithe agus cur chun feidhme Mholtaí Tír-Shonracha 2015<br>- Dréachtchonclúidí ó Chomhairle Ecofin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i ndáil leis seo na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le domhain-athbhreithnithe agus cur chun feidhme Mholtaí Tír-Shonracha 2015 mar a comhaontaíodh ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais a tionóladh ar an 12-13 Bealtaine 2016.

# Dréachtchonclúidí ó Chomhairle Ecofin maidir le domhain-athbhreithnithe agus cur chun feidhme Mholtaí Tír-Shonracha 2015

Maidir leis an gComhairle (ECOFIN):

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh na tuarascálacha de réir tíre ón gCoimisiún lena ndéantar anailís ar na beartais eacnamaíocha do gach ceann de na Ballstáit, lena n-áirítear na domhain-athbhreithnithe i gcomhthéacs an Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch (NMM), chomh maith leis an Teachtaireacht lena n-achoimrítear na príomhthorthaí a bhí ar na grinn-athbhreithnithe.

**I - DOMHAIN-ATHBHREITHNITHE**

2. MEASANN SÍ go bhfuil na domhain-athbhreithnithe struchtúraithe go maith mar chuid ríthábhachtach de na tuarascálacha de réir tíre agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá sé anailís chríochnúil a chur i láthair ar na míchothromaíochtaí i ngach ceann de na Ballstáit atá á athbhreithniú mar bhunús d'fhaireachas iltaobhach, d'fhreagracht níos fearr ar an leibhéal náisiúnta agus do choigeartú éifeachtach ar bheartais. AITHNÍONN SÍ go gcuimsítear éifeachtaí iarmhartacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist do thíortha eile agus don limistéar euro i gcás inarb ábhartha, san anailís, go ndéantar idirdhealú inti idir na coigeartuithe atá faoi thionchar tosca timthriallacha agus na coigeartuithe a eascraíonn as athruithe struchtúracha, agus go gcuirtear imthosca tír-shonracha san áireamh inti. Cuirtear uirlisí anailíseacha ábhartha i bhfeidhm freisin i bhfianaise na ndúshlán ar leith a bhaineann le gach geilleagar agus comhlánaítear iad le hanailís cháilíochtúil más gá.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an iarracht a rinne an Coimisiún chun feabhas a chur ar thrédhearcacht an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch (NMM), lena n-áirítear catagóirí na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chuíchóiriú agus a chobhsú, coimre a fhoilsiú ina gcuirtear faisnéis ábhartha i dtoll a chéile maidir leis an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch a chur chun feidhme, agus táblaí achoimre nua a áireamh sna domhain-athbhreithnithe (maitrísí measúnaithe an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch). TUGANN SÍ DÁ hAIRE na pleananna de chuid an Choimisiúin i ndáil le faireachán sonrach a dhéanamh ar na moltaí ón gComhairle chuig na Ballstáit go léir lena mbaineann míchothromaíochtaí agus míchothromaíochtaí iomarcacha, lena áirithiú go ndéanfar faireachas níos fearr ar an bhfreagairt bheartais ar na míchothromaíochtaí a sainaithneofar. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún togra a leagan amach le haghaidh uainiú agus ábhar nithiúil an fhaireacháin sin, lena n-áirítear pleananna chun idirdhealú a dhéanamh maidir le tromchúis na míchothromaíochtaí mar aon leis an nasc le nósanna imeachta faireachais eile, go háirithe faireachas iar-chláir do na tíortha lena mbaineann chun dúbailt a sheachaint agus i gcomhréir leis an gcleachtas atá bunaithe. CUIREANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlacht, le trédhearcacht agus le hintuarthacht agus míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha á measúnú i NMM. I bhfianaise an méid sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go gcuirfí an anailís de réir tíre agus na conclúidí maidir leis an measúnú ar mhíchothromaíochtaí i dteannta a chéile i gcomhréir leis an Treochlár don Seimeastar Eorpach.

4. COMHAONTAÍONN SÍ go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha de chineál agus de mhéid éagsúil ann i 13 de na Ballstáit sin a cuireadh faoi scrúdú (an Bhulgáir, an Ghearmáin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn).

5. TÁ SÍ AR COMHAIGNE leis an gCoimisiún go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha ann i 6 Bhallstát (an Bhulgáir, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir agus an Phortaingéil). Déanfaidh an Chomhairle measúnú cúramach ar athbhreithniú breise an Choimisiúin don Chróit agus don Phortaingéil, a chuirfear i láthair i ndeireadh mhí Bealtaine, inar cheart go n-áireofaí na beartais a leagtar amach ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú chun measúnú a dhéanamh le fíorú an bhfuil gá le céimeanna breise. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart leas a bhaint as an nós imeachta don mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch a mhéad is féidir, agus an ghné cheartaitheach a chur i bhfeidhm i gcásanna iomchuí.

6. AONTAÍONN SÍ nach ann do mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i gciall NMM i 6 cinn de na Ballstáit a cuireadh faoi scrúdú (An Bheilg, an Eastóin, an Ungáir, an Ostair, an Rómáin agus an Ríocht Aontaithe).

7. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil gá le gníomhaíocht bheartais agus le tiomantas láidir maidir le hathchóirithe struchtúracha sna Ballstáit uile, go háirithe má tá míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iontu a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí ar bhealach inbhuanaithe, ag díriú ar na príomhdhúshláin, ar rioscaí a laghdú, ar gheilleagair an Aontais a éascú agus a athchothromú agus ar dhálaí a chruthú ar mhaithe le fás agus le poist inbhuanaithe.

8. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn leantach atá á dhéanamh ag na Ballstáit chun a míchothromaíochtaí seachtracha agus inmheánacha a cheartú, rud a chuidíonn leis an athchothromú san Aontas Eorpach agus laistigh den limistéar euro. Mar sin féin, CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil rioscaí suntasacha ann go fóill i roinnt Ballstát. Cé go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar na heasnaimh a bhain do chuntais reatha roimh thréimhse na géarchéime nó go bhfuil barrachas ann ina n-ionaid, tá stoic mhóra de dhliteanais sheachtracha fós ina leochaileacht i roinnt tíortha glan-fhiachacha. AITHNÍONN SÍ go bhfuil feabhas tagtha ar iomaíochas costais i gcoitinne i dtíortha ina raibh easnaimh mhóra sheachtracha, agus go bhfuil fianaise feabhais éigin ar iomaíochas neamhchostais freisin. Ag an am céanna, tá barrachais bhreise i gcónaí sna cuntais reatha i roinnt Ballstát ag a bhfuil riachtanais díghiarála atá sách íseal agus lena bhféadfaí, faoi imthosca áirithe, a thabhairt le fios gurb ann do mhíchothromaíochtaí móra coigilteas agus infheistíochta a gcaithfí dul chun cinn a dhéanamh ina leith ó thaobh gníomhaíochtaí beartais.

9. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur dúshlán mór i roinnt Ballstát fós iad leibhéil arda an fhiachais rialtais agus phríobháidigh, i gcomhthéacs an bhoilscithe ísil agus na rátaí fáis freisin. Cé go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta, tá gá le hathchóirithe struchtúracha breise chun feabhas a chur ar an gcumas fáis agus chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht ard, go háirithe i measc na n-óg agus na ndaoine sin atá dífhostaithe go fadtéarmach.

## II - MOLTAÍ TÍR-SHONRACHA A CHUR CHUN FEIDHME

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí tír-shonracha 2015. A bhuí leis an gcuíchóiriú a rinneadh ar mholtaí tír-shonracha 2015 díríodh níos fearr ar na dúshláin phráinneacha agus ar na míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta seasta. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nár cuireadh athchóiriú chun feidhme sa tslí chéanna sna réimsí beartais ná sna tíortha go léir agus nár baineadh amach dul chun cinn suntasach ach i roinnt bheag cásanna maidir le dul i ngleic leis na moltaí tír-shonracha. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le borradh a chur faoi chur chun feidhme an athchóirithe d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin bheartais a leagtar amach thíos agus MEABHRAÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le measúnú tráthúil ar chur chun feidhme na moltaí tír-shonracha sa Chomhairle roimh moltaí nua a dhéanamh, d'fhonn teacht ar chonclúidí, an fheasacht náisiúnta a ardú agus athchóirithe a chur chun feidhme go héifeachtach i ngach tír.

11. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá a thuilleadh athchóirithe struchtúracha sna margaí seirbhísí, táirgí agus saothair in éineacht le beartais fhioscacha a bheidh freagrach fónta chun an téarnamh eacnamaíoch a neartú agus a choinneáil, chun míchothromaíochtaí díobhálacha a cheartú, chun an inbhuanaitheacht bhuiséadach a bhaint amach, chun feabhas a chur ar na dálaí don infheistíocht agus chun an margadh aonair a neartú, agus cead a chinn a tabhairt do chumas fáis gheilleagair na mBallstát.

12. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinne na Ballstáit maidir le moltaí tír-shonracha a chur chun feidhme sna réimsí a leanas: an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus seachaint cánach agus an riarachán a bhaineann léi a fheabhsú. Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann leanúint ar aghaidh lena gcuid iarrachtaí. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfaí níos mó dul chun cinn a bhaint amach maidir le timpeallacht rialála atá fabhrach don ghnó agus don fhostaíocht a bhaint amach, lena méadófaí rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, lena laghdófaí an maorlathas, lena neartófaí éifeachtúlacht riaracháin agus an cháilíocht rialála, agus lena n-ísleofaí líon na srianta in earnáil na seirbhísí, go háirithe trí chuidiú go suntasach le soláthraithe seirbhísí chun oibriú thar na teorainneacha. Rinneadh dul chun cinn maidir le dul i ngleic le bearnaí agus le laigí i roinnt creataí náisiúnta fioscacha ach tá siad fós teoranta i mBallstáit áirithe, agus ba cheart go ndíreofaí na hiarrachtaí ar a bhfeidhmiú éifeachtach a áirithiú chun tacú le beartais fhioscacha fhreagracha a chur i gcrích. Ba cheart go mbeadh creataí náisiúnta fioscacha i gcomhréir le ceanglais an Aontais.

13. AONTAÍONN SÍ go bhfuil géarghá le feabhas a chur ar dhálaí infheistíochta d'fhonn infheistíocht phríobháideach mhéadaithe a mhealladh san fhíorgheilleagar agus chun infheistíocht phoiblí agus bonneagair ar ardchaighdeán a áirithiú. Thóg an dul chun cinn san athchóiriú tamall fada chun dul i ngleic le fadhbanna maidir le rialú earnáil-sonrach agus maidir le baic eile ar infheistíocht agus i ndáil le riarachán poiblí, córais bhreithiúnacha, creataí dócmhainneachta agus an timpeallacht ghnó a athchóiriú, lena n-áirítear rochtain ar mhaoiniú. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta, tá baic ar infheistíocht fós i gcuid de na hearnálacha is tábhachtaí in an-chuid Ballstát. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás réimse na seirbhísí, réimse an tionscail líonra agus réimse na foirgníochta.

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndearnadh dul chun cinn i ndáil le hathchóiriú ar mhargaí an tsaothair, ach tugann sí dá haire go bhfuil dúshláin shuntasacha agus bearnaí cur chun feidhme fós ann. Tá an fhéidearthacht fós ann na boinn chánach a leathnú agus an t-ualach cánach ar shaothar a laghdú. Ní mór aird ar leith a dhíriú ar imircigh agus ar dhídeanaithe a lánpháirtiú mar is ceart i roinnt Ballstát. Cé go ndearnadh dul chun cinn i ndáil le daoine dífhostaithe a thabhairt ar ais go dtí margadh an tsaothair, tá gá le tuilleadh athchóirithe struchtúracha chun tacú le fostaíocht agus le beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair.